

# Plean Duchais na Gaillimhe 2016/2021



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

# Brollach

## Teachtaireacht ó Brendan McGrath, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

Tá oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha na Gaillimhe uathúil. Socraíonn sí cad atá ionainn.
Mar gheall ar an oidhreacht sin, táimid an-bhródúil as ár gcathair agus mothaímid gur linne í.

Is gá an oidhreacht seo a chosaint, a láimhseáil agus a chothú ar bhealach a spreagfaidh feasacht mhéadaithe agus taitneamh inbhuanaithe ag gach duine. Cuid lárnach den phróiseas sin é ullmhú agus cur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta na Cathrach 2016-21. Is é a dhéanfaidh sé, agus é ag leanúint shampla an chéad phlean oidhreachta, ná an ról tábhachtach atá ag an oidhreacht i bhforbairt Chathair na Gaillimhe a shainiú agus cuirfidh sé leis an gceiliúradh ar ár stádas mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa in 2020.

Tar éis comhchomhairle leis an bpobal ghlac Comhaltaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe leis an bPlean Oidhreachta. Anois cuirimid tús leis na spriocanna atá sa phlean a chur i bhfeidhm trí chlár de ghníomhartha tosaíochta bliantúla. Beidh siad siúd ag brath ar thiomantas agus chomhpháirtíocht na ngníomhaireachtaí, na n-eagraíochtaí, na ngrúpaí agus na ndaoine aonair ábhartha go léir a bheidh i mbun na hiarrachta. Gné eile a mbeidh baint amach na ngníomhartha sin ag brath uirthi ná an tacaíocht leanúnach ó Fhóram Oidhreachta Chathair na Gaillimhe agus ón gComhairle Oidhreachta a gcuirtear fáilte roimpi.

Ní mór buíochas a ghabháil leo siúd go léir a ghlac páirt in ullmhú an phlean, go háirithe an Fóram Oidhreachta a dhéanann ionadaíocht ar raon leathan de leasanna pobail, an Stiúrthóireacht Pleanála agus Oifigeach Oidhreachta na Comhairle Cathrach, an Dr Jim Higgins. Ní mór aitheantas cuí a thabhairt freisin dóibh siúd a ghlac páirt sa phróiseas comhchomhairle poiblí.

Agus mé ag smaoineamh ar na cúig bliana atá romhainn táim cinnte go spreagfaidh cur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta seo níos mó feasachta agus measa ar an luach oideachasúil, eacnamaíoch agus cultúrtha uathúil atá ag an oidhreacht i saol na cathrach agus ábhar bróid dom é.

**Breandán Mac Craith**
Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

## Teachtaireacht ón Mary Clancy, Comhalta d'Fhóram Oidhreachta Chathair na Gaillimhe

Mar chomhalta den Fhóram Oidhreachta tá an-áthas orm páirt a ghlacadh in ullmhú Phlean Oidhreachta Chathair na Gaillimhe 2016-21. Tá ról ríthábhachtach ag an oidhreacht i saol sóisialta, cultúrtha agus oideachasúil na cathrach. Sa phlean seo tugtar aitheantas don mhéid sin agus don tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail i gcosaint agus bainistíocht ár n-oidhreachta, rud nach mór tosú ar leibhéal áitiúil.

Tríd an bpróiseas comhchomhairle, a chuimsigh rannpháirtíocht chomhaltaí fóraim a dhéanann ionadaíocht ar leasanna trasphobail, socraíodh sraith de riachtanais agus tosaíochtaí oidhreachta don phlean. Socraíonn siad siúd faoi seach an sceideal chun sraith gníomhartha a chur i bhfeidhm i gcaitheamh na gcúig bliana amach romhainn d'fhonn aire a thabhairt don oidhreacht, í a láimhseáil agus a chur chun cinn.

Gné áirithe a bheidh tábhachtach maidir le baint amach an phlean ná rannpháirtíocht leanúnach grúpaí agus daoine aonair sna réimsí oidhreacht agus pobail, ós rud é go bhfuil an plean bunaithe ar chur chuige comhpháirtíochta, go bhfuil an cur chuige sin riachtanach don phlean agus go mbaineann sé leas as.

Ba mhaith liom aitheantas faoi leith a thabhairt d'obair mo chuid comhchomhaltaí ar an bhFóram Oidhreachta, do na baill den phobal a ghlac páirt sa phróiseas comhchomhairle, don Chomhairle Oidhreachta agus do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe as a gcuid oibre agus tacaíochta.

Táim ag tnúth leis an bplean a chur i bhfeidhm i gcaitheamh na gcúig bliana amach romhainn agus le go leor tionscadal oidhreachta rathúil a chur i gcrích a mbeidh tairbhí ag baint leo dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu inár gcathair iontach, a mbíonn ag obair inti nó ag tabhairt cuairte uirthi.

**Máire Nic Fhlannchadha**
Comhalta d'Fhóram Oidhreachta Chathair na Gaillimhe-



# Clár na nÁbhar


## 1. Réamhrá

1.1 Plean Oidhreachta 2015-20 7
1.2 Comhlíonadh Phlean Oidhreachta 2005-11 7
1.3 Ullmhú an Phlean 9
1.4 An Plean á Chur i nGníomh 9
1.5 Maoiniúchán 10
1.6 Monatóireacht & Meastóireacht 10

## 2. Cuspóirí / Téamaí & Gníomhartha an Phlean


2.1 Feasacht agus Tuiscint ar an Oidhreacht a Chur Chun Cinn 11
2.2 Na cleachtais is fearr a chur chun cinn i gCaomhnú agus i mBainistiú Oidhreachta 12
2.3 Faisnéis Oidhreachta a Bhailiú agus a Scaipeadh 13
2.4 Oidhreacht a Chur in Iúl do lucht éisteacha níos leithne agus comhpháirtíocht a chur chun cinn 14
2.5 Aire a thabhairt don Oidhreacht agus a Luach ó thaobh na heacnamaíochta agus na Turasóireachta á aithint 15

## 3. Aguisíní

3.1 Gníomhartha Comhlíonta as Plean Oidhreachta 2005-11 17
3.2 Gluais agus Giorrúcháin 21
3.3 Reachtaíocht Ábhartha Náisiúnta agus AE 23
3.4 Baill an Fhóraim 24











## 1.1 Réamhrá

In 2003, d'ullmhaigh an Chomhairle Oidhreachta treoirlínte maidir le Pleananna Oidhreachta Áitiúla a tháirgeadh. Táthar ag leanúint na dtreoirlínte sin leis an bplean oidhreachta seo, agus é á shaindearadh de réir na riachtanas áirithe ó thaobh na hoidhreachta do Chathair na Gaillimhe. Is é seo an dara Plean Oidhreachta do Chathair na Gaillimhe. Tá sé ar cheann d'ocht bplean is fiche atá ullmhaithe ag Údaráis Áitiúla ar feadh an stáit. Is é aidhm an phlean oidhreacht na bhfoirgneamh, an oidhreacht nádúrtha agus oidhreacht chultúr na cathrach a shonrú, feasacht uirthi a mhéadú agus caomhnú na hoidhreachta sin a chur chun cinn.

Leis an bplean, tá an creat foriomlán don obair seo á leagan amach, agus tá an obair le déanamh idir seo agus an chéad chúig bliana eile. Leagtar amach sa phlean na cuspóirí ó thaobh na hoidhreachta atá curtha in iúl i dtéamaí agus sna gníomhartha gaolmhara, a bhfuil sé i gceist coinneáil leo agus a fhorbairt. Glactar leis an léirmhíniú ar an Oidhreacht gur ionann í agus na nithe atá áirithe san Acht Oidhreachta 1995, is é sin le rá, séadchomharthaí, seandálaíocht, nithe oidhreachta, ailtireacht, fásra, fána, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, báid bháite, geolaíocht, gairdíní oidhreachta, páirceanna agus uiscebhealaí intíre. Mheas an Fóram Oidhreachta gur chuí an léirmhíniú sin a leathnú le heilimintí staire agus cultúir a áireamh agus freisin chun an fhís straitéiseach reatha don oidhreacht sa chathair a léiriú. Leagtar amach leis an bplean an bealach a shonróidh, a bhainisteoidh agus a chaomhnóidh Comhairle Chathair na Gaillimhe, i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, an oidhreacht ar mhaithe leis na saoránaigh ar fad. Leis na gníomhartha sa Phlean Oidhreachta, sainmhíneofar fócas na hoibre i réimsí na hoidhreachta agus rachaidh sin i bhfeidhm ar na tionscadail oibre ar bhonn bliantúil. Déanfaidh siad an bunús maidir le haon mhaoiniúchán a bheidh ar fáil a fheidhmiú, go háirithe maoiniúchán ón gComhairle Oidhreachta, ó chomhlachtaí maoiniúcháin eile agus féachfar freisin ar an bpoitéinseal le haghaidh maoiniúcháin ón earnáil phríobháideach agus comhpháirtíochtaí le comhlachtaí deonacha agus stáit. Beidh Comhairle Chathair na Gaillimhe ina príomh-rannchuiditheoir freisin i dtreo gníomhartha a chur i ngníomh trí mhaoiniú díreach ón mbuiséad agus trí acmhainní a leithdháileadh. Maidir leis seo, féachfaidh Comhairle Chathair na Gaillimhe le hacmhainní agus maoiniúchán araon a leithdháileadh ar bhonn bliantúil.

## 1.2 An Méid a Baineadh Amach le Plean Oidhreachta 2005-2011

Ba é seo an chéad phlean oidhreachta agus bhí sé an-uaillmhianach agus raon de 124 gníomh éagsúil i gceist leis. Bhain siad sin leis na réimsí leathana agus tábhacht na hoidhreachta sa chathair a chur chun suntais. Ó glacadh leis an bplean in 2005, tá 38 de na gníomhartha sin curtha i gcrích nó ar siúl go leanúnach. Bhí na raon na nithe sin a baineadh amach iontach fairsing, agus tá na cinn is suntasaí liostaithe sna táblaí atá san áireamh in Aguisín 1. Tugadh faoin obair leis na gníomhartha a chur i ngníomh, le

cúnamh maoiniúcháin ón gComhairle Oidhreachta, le tacaíocht dhíreach ó Chomhairle Chathair na Gaillimhe, ó pháirtithe leasmhara éagsúla, agus ón bpobal i gcoitinne. Ba é taighde a dhéanamh ar oidhreacht na cathrach, idir oidhreacht nádúrtha agus na bhfoirgneamh, an príomhrud a bhí i gceist leis na gníomhartha i gcoitinne, chun feasacht agus tuiscint i gcoitinne a mhéadú. Méadaíodh feasacht ar an oidhreacht freisin de thoradh na gníomhartha sin a bheith curtha i ngníomh, rud a rinneadh trí Irisí Oidhreachta, Nuachtlitir Mhúsaeim, agus bileoga faisnéise éagsúla, a bhain leis an oidhreacht nádúrtha agus le hoidhreacht na bhfoirgneamh araon, a fhoilsiú go rialta agus go leanúnach. Lena chois sin, úsáideadh suíomh idirlín na Comhairle Cathrach le hinrochtaineacht a chinntiú do lucht éisteachta ilghnéitheach. San áireamh leis na gníomhartha a cuireadh i gcrích, bhí comhthionscadail le hOifig Oidhreachta Chomhairle Chathair na Gaillimhe agus tionscadail phobail, mar a raibh fócas ar leith ar thionscadail scoile.

Measadh go raibh bainistiú na hoidhreachta tábhachtach agus maidir leis sin, cuireadh acmhainní i leataobh go háirithe chun cabhrú le hullmhú Chlár na Struchtúr faoi Chosaint (RPS), "Conservation Management and Interpretation Plan for Galway City Walls" 2013, agus sinn ag cabhrú le hiarratais ar dheontais chaomhnúcháin oidhreachta agus ar dheontais do "Foirgnimh i mbaol".

Tá maoiniúchán ón rialtas lárnach dul i laghad le blianta beaga anuas. Tá súil againn go dtabharfar maoiniúchán ar ais nó go ngairfear meicníochtaí eile chun tionscadail chaomhnúcháin a ghríosú le dreasachtaí amach anseo.

Bhí sraith de chomhdhálacha oidhreachta san áireamh leis na gníomhartha a cuireadh i gcrích freisin. Bhí taispeántais phoiblí maidir le téamaí oidhreachta gaolmhara ag cur le comhdhálacha freisin. Táthar ag súil leis go leanfar ar aghaidh leis an gcuspóir comhdhálacha a óstáil amach anseo go háirithe mar a dtagann spéiseanna ar leith i réimsí oidhreachta chun cinn amach anseo.

Leagfar béim leis an bplean amach anseo ar a bheith ag leanúint ar aghaidh le bheith ag méadú feasachta, ag bailiú agus ag scaipeadh faisnéise. Tá dúil ann freisin go leanfar ar aghaidh le rannpháirtíocht an phobail in oideachas oidhreachta, i mbainistíocht agus go n-oibreofar le heagraíochtaí oidhreachta deonacha agus le comhlachtaí oideachais sa chathair agus i gcomhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach. Beidh nascáil ann freisin le hobair oidhreachta a dhéantar i gcomhthéacs Phlean Forbartha na Cathrach agus an Phlean Bithéagsúlachta. Rud atá ina chuspóir leanúnach is ea Gaillimh a chur chun cinn mar Chathair Dhátheangach agus comhthionscadail le Rannán Oidhreachta Chomhairle Contae na Gaillimhe.

Fágann an obair leis an dara Plean Oidhreachta a ullmhú go mbeifear in ann na gníomhartha ábhartha atá fágtha sa chéad phlean a thabhairt isteach arís ina gcuid den dara plean. Beidh sé dúshlánach na gníomhartha seo ar fad a chur i ngníomh agus cúrsaí eacnamaíochta mar atá faoi láthair, ach d'fhéadfadh seo a bheith

ina dheis freisin le bealaí cruthaitheacha a fhorbairt chun riachtanais oidhreachta na cathrach a chur chun cinn tuilleadh agus chun freagairt dóibh freisin, gan gá le maoiniúchán díreach.

Beidh gníomhartha san áireamh leis an bPlean Oidhreachta freisin a bheidh ina gcuidiú go n-éireoidh leis an iarracht stádas Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 a thabhairt a fhad le Cathair na Gaillimhe. Lena chois sin, cuimseofar imeachtaí suntasacha eile leis an bplean, cosúil le gníomhartha chun tacú le tionscnaimh áitiula chun 100 bliain ó Éirí Amach 1916 a chomóradh agus go deimhin na deich mbliana atá i gceist leis an gClár Comórtha Céad Bliain i gcoitinne. Tá an oidhreacht shaibhir litríochta agus fhísiúil sa chathair le léiriú freisin agus muid ag tabhairt airde ar a fheabhas is a d'éirigh leis an iarracht ainmniúchán a fháil do Ghaillimh mar Chathair Scannán buan de chuid Unesco.

## 1.3 Ullmhú an Phlean

Tá leagáid ghníomhartha ón bplean roimhe san áireamh leis an bplean atá á bheartú, le cois roinnt gníomhartha nua a bhaineann leis na blianta beaga amach romhainn. Áirítear leo siúd na gníomhartha atá tugtha chun tosaigh ag an bPobal, an Fóram Oidhreachta, an Chomhairle Chathrach, páirtithe leasmhara criticiúla agus an Chomhairle Oidhreachta.

Grúpa comhairleach neamhreachtúil atá san Fhóram Oidhreachta a bhunaigh an Chomhairle Chathrach le comhairle a sholáthar maidir leis an bPlean Oidhreachta a ullmhú agus a chur i ngníomh. Oibríonn an Fóram i gcáil dheonach agus acmhainn nach beag atá ann maidir le hullmhú an Phlean. Tá próiseas comhairliúcháin leathain déanta i leith an Phlean Oidhreachta, ina raibh páirt ag an bpobal i gcoitinne, páirtithe leasmhara agus an Chomhairle Oidhreachta. Tar éis an chomhairliúcháin, tugadh na haighneachtaí agus tuairimí ar fad a fuarthas ar ais chuig an bhFóram Oidhreachta agus cuireadh roinnt nithe eile san áireamh sa phlean dá bharr sin. Tá sé curtha i láthair an Choiste Bheartais Straitéisigh freisin agus Bhaill Chomhairle Chathair na Gaillimhe lena phlé agus le glacadh leis.

Táthar ag súil leis go dtiocfaidh an Fóram Oidhreachta le chéile faoi dhó gach bliain ar a laghad tar éis don Phlean a bheith glactha, chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Phlean agus chun smaointe a thabhairt maidir le bealaí gur féidir gníomhartha a chomhlíonadh.

## 1.4 An Plean á Chur i nGníomh

Féachaidh an Oifig Oidhreachta, na páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe éagsúla, agus rannáin ábhartha de Chomhairle Chathair na Gaillimhe leis an bPlean a chur i ngníomh i gcaitheamh na gcúig bliana le tacaíocht dhíreach go háirithe ón gComhairle Oidhreachta. Faoi mar a tagraíodh dó, beidh an Fóram Oidhreachta ina mheicníocht freisin chun cabhrú leis na gníomhartha gaolmhara a chomhlíonadh.

## 1.5 Maoiniúchán


Déanfar iarratais chuig an gComhairle Oidhreachta gach bliain ar mhaoiniúchán i dtreo gníomhartha an Phlean a chur i ngníomh faoin scéim bhliantúil deontas. Leithdháilfear cuid den mhaoiniúchán le haghaidh gníomhartha ó bhuiséad bhliantúil oidhreachta na Comhairle Cathrach freisin. Déanfar iarratais ar gach sruth maoiniúcháin infhéideartha eile freisin. Ní bheidh airgeadas riachtanach le haghaidh roinnt gníomhartha ach ina áit sin, beidh tacaíocht, comhairle agus comhpháirtíocht thiomnaithe riachtanach dóibh. Agus muid ag admháil na dteorainneacha a bhaineann le sruthanna maoiniúcháin, déanfar iarrachtaí le rannpháirtíocht agus comhpháirtíocht dhíreach ón earnáil phríobháideach a bheith san áireamh sa Phlean.


## 1.6 Monatóireacht agus Meastóireacht

Maoinítear gníomhartha an Phlean Oidhreachta go bliantúil. Maoiníonn an Chomhairle Oidhreachta na gníomhartha seo, agus déantar meastóireacht agus monatóireacht ar bhonn bliantúil orthu trí chóras tuairiscí eatramhacha agus tuairiscí deiridh don Chomhairle Oidhreachta sula dtarraingítear maoiniúchán síos. Beidh an Fóram Oidhreachta ina mheicníocht thábhachtach mhonatóireachta agus mheastóireachta freisin agus i riocht gníomhartha a chur in ord tosaíochta agus freagairt dóibh dá réir, rud a léireoidh mar a dtiocfaidh deiseanna chun cinn.









## Téamaí agus Gníomhartha

San áireamh le straitéisí an Phlean Oidhreachta, comhlíonfar gníomhartha faoi raon téamaí. Is iad seo a leanas téamaí ginearálta an Phlean Oidhreachta agus tá gach gníomh liostaithe curtha i ngrúpaí dá réir. Féadfaidh cuid de na gníomhartha a bheith ag baint le roinnt téamaí ach beidh siad curtha sa chuid mar is mó a meastar a imreoidh siad tionchar ar chúrsaí.

**Is iad seo a leanas na téamaí:**

- Feasacht agus Tuiscint ar an Oidhreacht a Chur Chun Cinn
- Na cleachtais is fearr a chur chun cinn i gCaomhnú agus i mBainistiú Oidhreachta
- Faisnéis Oidhreachta a Bhailiú agus a Scaipeadh
- Oidhreacht a chur in iúl do lucht éisteacha leathan agus comhpháirtíocht a chur chun cinn
- Aire a thabhairt dár nOidhreacht agus an luach ó thaobh na heacnamaíochta agus turasóireachta do Chathair na Gaillimhe á aithint.

## 2.1 Feasacht agus Tuiscint ar an Oidhreacht a Chur Chun Cinn

- Feasacht i scoileanna a mhéadú trí fhaisnéis fhisiúil agus rannpháirtíocht ghníomhach ar fhoirgnimh oidhreachta, geolaíocht, fásra, agus fána, séadchomharthaí, seandálaíocht thionsclaíoch, fiadhúlra agus uiscebhealaí na cathrach.
- Leanúint ar aghaidh le bheith ag tacú le láithreáin agus ionaid, atá tábhachtach ó thaobh na geolaíochta, a chosaint agus le feasacht orthu a chruthú.
- Úsáid chloiche áitiúla a chur chun cinn i mballaí, i dteorainneacha, i bhfoirgnimh agus i ngnéithe eile i bhforbairtí nua sa chathair.
- Comhdhálacha Oidhreachta na Gaillimhe a eagrú agus a dtéamaí bunaithe ar ábhair a bheidh spéisiúil ó thaobh na hoidhreachta áitiúla agus le naisc leis an gcomhthéacs níos leithne.
- Taighde a dhéanamh ar fhaisnéis oidhreachta, lena n-áirítear catalóga músaeim, agus iad a fhoilsiú.
- Feasacht a mhéadú ar luach na hoidhreachta nádúrtha go háirithe i ndáil le limistéir tábhachtacha i gCathair na Gaillimhe (m.sh. Trá na gCeann, Coill Bhearna, Coill Mhuirlinne, Páirc Thír Oileáin) de réir bheartas na G.C.C. sa Staidéar Taitneamhachta Áineasa (2009)
- Úsáid leanúnach agus athúsáid logainmneacha stairiúla, lena léireofar oidhreacht limistéar áitiúil, a chur chun cinn.
- Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn chomh maith leis an gcuspóir Gaillimh a bhunú mar Phríomhchathair Dhátheangach na hÉireann.
- Leanúint ar aghaidh le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn, go háirithe agus limistéir chónaithe nua á n-ainmniú, agus freisin in úsáid ghinearálta i gCathair na Gaillimhe.
- Leanúint ar aghaidh le páirt a ghlacadh i agus le tacú le haidhmeanna Chiorcal Cairdis na mBailte Múrtha agus i Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann. Pleananna Bainistíochta Caomhnúcháin a chur i ngníomh do Bhallaí an Bhaile agus dá suíomh ó thaobh comhthéacs bunaithe ar 'Conservation Management and Interpretation Plan for Galway Walled Town.' (2013)

- Leanúint ar aghaidh le páirt a ghlacadh i Laethanta Ailtireachta na dTithe Oscailte agus iad a chur chun cinn, chomh maith le tionscadail oidhreachta shuntasacha cosúil leo lena soláthraítear deiseanna don phobal breathnú ar agus foghlaim faoi fhoirgnimh inspéise in úinéireacht phoiblí agus phríobháideach araon.
- Comórtais ghrianghrafadóireachta a eagrú maidir le hoidhreacht shuaithinseach fhoirgnimh agus nádúrtha na cathrach.
- Luach na bithéagsúlachta a chur chun suntais tríd an bPlean Náisiúnta Bithéagsúlachta a chur chun cinn chomh maith le cuspóirí Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe. (2014-2024)
- An poitéinseal, chun cur le luach iarracht na Gaillimhe i gcomhair stádas Chathair Chultúr na hEorpa 2020, a uasmhéadú trí oidhreacht uathúil na Gaillimhe agus na naisc oidhreachta le pobal an AE ar bhonn níos leithne, a chur chun cinn.
- Úsáid shuíomh idirlín agus meáin shóisialta Chomhairle Chathair na Gaillimhe a uasmhéadú le faisnéis faoin oidhreacht a scaipeadh.
- Rannchuidiú le clár imeachtaí Contae a fhorbairt chun 100 bliain ó Éirí Amach 1016 a chomóradh, rud lena gcuimseofar leibhéal suntasach de rannpháirtíocht áitiúil chomh maith le himeachtaí eile a bhaineann le deich mbliana den Chlár Comórtha Céad Bliain.

## 2.2 Na cleachtais is fearr a Chur Chun Cinn i gCaomhnú agus i mBainistiú Oidhreachta

- Idirchaidreamh a bheith againn agus comhoibriú le cumainn seandálaíochta agus staire áitiúla agus náisiúnta le suim in oidhreacht sheandálaíochta na Gaillimhe a chur chun cinn.
- Idirchaidreamh a bheith againn le SNS agus le comhlachtaí seandálaíochta gairmiúla leis na cleachtais is fearr a chur chun cinn sa tsuirbhéireacht, tochailt, agus mhonatóireacht seandálaíochta agus foilsiú torthaí.
- Na cleachtais chaomhnúcháin is fearr a chur chun cinn maidir le hoidhreacht na bhfoirgneamh i nGaillimh.
- "Conservation Management and Interpretation Plan for Galway City Walls" 2013 a chur i ngníomh.
- Comhoibriú leis an Rannóg Áineasa & Taitneamhachta agus leis an Rannóg Pleanála leis an mBithéagsúlacht a chur chun cinn agus le beartais a cheapadh le haghaidh Pleananna Ceantair Áitiúil amach anseo.
- Leanúint ar aghaidh le bheith ag soláthar faisnéise maidir leis na cleachtais is fearr i leith gach reilig stairiúil, áitiúil a ghlanadh agus a thaifeadadh.
- Idirchaidreamh a bheith againn le comhlachtaí náisiúnta oidhreachta lena n-áirítear an Chomhairle Oidhreachta agus Galway Family History Society West, grúpaí ginealais agus an SNS maidir le comhairle a sholáthar i leith gnéithe oidhreachta reiligí.
- Leanúint ar aghaidh le suim i bhfásra, fána agus sa bhithéagsúlacht, agus i gcaomhnú agus san inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn trí léachtaí, chainteanna agus imeachtaí Oidhreachta.
- Na cleachtais is fearr, maidir le gnéithe oidhreachta nádúrtha a chaomhnú, a chur chun cinn i bhforbairtí a bheidh beartaithe. Áirítear leis sin, srutháin agus

iomláin nádúrtha, ar údar inspéise iad ó thaobh na geolaíochta, a chaomhnú chomh maith le fálta sceach, ballaí traidisiúnta, agus gnéithe nádúrtha.

- Pleananna caomhnúcháin agus bainistíochta a ullmhú agus idirghníomhú maidir le tionscadail athdheisiúcháin d'Fhoirgnimh Oidhreachta ar leis an gComhairle Chathrach iad.
- Leanúint ar aghaidh le húsáid agus caomhnú na mbád traidisiúnta áitiúla a chur chun cinn, chomh maith leis na cleachtais is fearr i leith athdh-eisiú na mbád a chur chun cinn.
- Leanúint ar aghaidh le húsáid scileanna, ábhar & cheardaíochta traidisiúnta a chur chun cinn, go háirithe i ndáil leis an tuíodóireacht, péinteáil chomharthaí de láimh agus rindreáil aoil ar bhallaí.

## 2.3 Faisnéis Oidhreachta a Bhailiú agus a Scaipeadh

- Tacú le taifeadadh leanúnach na suirbhéanna ar fhiadhúlra agus le feasacht daoine i gcoitinne ar ghnáthóga i gcomhar leis an SPNF agus Eagraíochtaí áitiúla/ Náisiúnta Fiadhúlra.
- Leanúint ar aghaidh le bheith ag spreagadh fhoilsiú torthaí Imscrúduithe agus suirbhéireachtaí seandálaíochta san iris oidhreachta.
- An Iniúchóireacht a rinneadh le déanaí ar an Oidhreacht Thionsclaíoch sa Chathair a chomhlánú le suirbhéireacht chuimsitheach ar gach láithreán agus gné.
- Suirbhéireacht a dhéanamh ar an gcloch gheolaíoch mhuisiriúnach sa chathair agus faisnéis faoi na torthaí a fhoilsiú
- Sainchúram Leabhráin an Chosáin Oidhreachta Eaglasta a leathnú, a foilsíodh i gcomhair le Rannán Oidhreachta Chomhairle Contae na Gaillimhe roimhe.
- Cartlann agus bunachar sonraí grianghrafadóireachta ar shéadchomharthaí seandálaíochta Chathair na Gaillimhe a bhailiú lena gcur ar taispeáint agus a thaifeadadh.
- Taifeadadh logainmneacha agus gort a chur chun cinn agus ionchur an phobail á úsáid. Atlas Logainmneacha Chathair na Gaillimhe a fhoilsiú.
- Leanúint ar aghaidh le struchtúir, lena mbaineann luach ó thaobh na hoidhreachta, a shonrú agus le bheith ag tathantú go gcuirfear iad le Clár na Struchtúr faoi Chosaint, agus an poitéinseal go leathnófar Limistéir Chaomhnúcháin Ailtireachta sa chathair a scrúdú.
- Leanúint ar aghaidh le bheith ag déanamh suirbhéireachtaí ar reiligí sa chathair, bileoga faisnéise a fhoilsiú agus sonraí suirbhéireachtaí a uaslódáil chuig an suíomh idirlín faisnéise faoi reiligí stairiúla – historicgraves.com.
- Leanúint ar aghaidh bheith ag tacú le treoirleabhráin bholscaireachta maidir le hoidhreacht nádúrtha iomlán na Gaillimhe, amhail iad siúd a táirgeadh go dtí seo i gcomhair na bpríomhchoillearnaí.
- I gcomhoibriú leis an Rannán Áineasa agus Taitneamhachtaí de Chomhairle Chathair na Gaillimhe, beartais neamhdhíobhálacha don bhithéagsúlacht agus don chomhshaol a chur chun cinn ar thailte taitneamhachtaí atá i seilbh phoiblí agus phríobháideach araon.

- Tabhairt faoi fheachtais fheasachta maidir le Speicis Choimhthíocha agus an drochthionchar ar féidir leo imirt ar ghnáthóga atá ann cheana féin.
- Feachtais 'Gaillimh saor ó bhruscar' a chur chun cinn chomh maith le comórtas na 'Míle Órga' a chur chun cinn do Chathair na Gaillimhe.
- Faisnéis faoi eilimintí de bháid bháite agus de dhéantúsáin mhuirí a aimsítear, a thuairisciú agus a chur ar fáil go poiblí.
- Iniúchóireacht de Fhoirgnimh Cheann Tuí i gCathair na Gaillimhe a fhoilsiú.
- Taifeadadh, caomhnú agus foilsiú staidéar ar bhéaloideas/daonearraí nua-aimseartha Chathair na Gaillimhe a chur chun cinn.
- Leanúint ar aghaidh le bheith ag óstáil comhthionscadal leis na leabharlanna áitiúla agus le forais eile cosúil le Músaem Náisiúnta Shaol na Tuaithe (Maigh Eo).
- Tionscadal Béaloidis an Lucht Siúil a thionscnamh go n-áireofar taifeadadh béaloidis, gnásanna agus traidisiún.
- Ceardlanna a óstáil don phobal i gcoitinne maidir le béaloideas a bhailiú.
- Scéalta béaloidis, faoi mar a taifeadadh in 1985, a dhigitiú agus a chur ar fáil mar phodchraoltaí i gcomhoibriú leis an stáisiún raidió áitiúil agus le cuideachtaí eile meán cumarsáide.
- Iniúchóireacht ar eilimintí d'oidhreacht na bhfoirgneamh i gceantar na nduganna a ullmhú chomh maith le tuairisc ar an oidhreacht mhuirí ghaolmhar.
- Plean Caomhnúcháin agus Bainistíochta a ullmhú d'Uiscebhealaí na cathrach.
- Aitheantas don "Oidhreacht Dholáimhsithe" a chur chun cinn i Saol an Chultúir, sa Saol Sóisialta agus Eacnamaíochta.
- Naisc agus Malartuithe Oidhreachta a chothú le Comhchathracha agus páirt a ghlacadh i gcomhimeachtaí cultúir.
- Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i dtaispeántais oidhreachta agus ag imeachtaí sóisialta a bhaineann leis an Oifig Oidhreachta.
- Tacú le fís Ghaillimh le Gaeilge go ndéanfar "Príomhchathair Dhátheangach na hÉireann" de Ghaillimh.
- An éagsúlacht chultúir agus shóisialta a chur chun cinn agus aird á tabhairt ar Straitéis Fhrithchiníochais Chathair na Gaillimhe 'Towards a City of Equals (Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe)
- Leanúint ar aghaidh le foilsiú dátheangach na sraitheanna treoirleabhar maidir leis na déantúsáin sa Mhúsaem agus foilsiú dátheangach cáipéisí faisnéise eile cosúil leo a tháirgtear.



## 2.4 Oidhreacht a chur in iúl do Lucht Éisteacha níos leithne agus Comhpháirtíocht a chur chun cinn

- Tacú agus rannchuidiú le Féilire na nImeachtaí ag Músaem Chathair na Gaillimhe go háirithe i rith na Seachtaine Oidhreachta bliantúla.
- Úsáid Seirbhíse Cartlannaíochta, a bheidh iomlán feidhmeach agus inrochtana don phobal laistigh de Chomhairle Chathair na Gaillimhe, a chur chun cinn.

- Taifid fhótagrafacha stairiúla de Struchtúir agus Shráid-Dreacha Chathair na Gaillimhe a chur i gcartlann agus a dhigitiú. Iad a dhigitiú agus a uaslódáil do shuíomh idirlín na Comhairle Cathrach.
- Libhré Cathartha Chathair na Gaillimhe, Cartlanna agus Taifid Chathartha a ullmhú agus a thaifeadadh i gcruachóipeanna agus i bhformáid dhigiteach araon leis an bhfaisnéis a chur ar fáil don phobal i gcoitinne.
- Idirghníomhú leis an tseirbhís teicneolaíochta agus faisnéise sa Chomhairle Chathrach lena chinntiú go gcuirfear an fhaisnéis oidhreachta i láthair ar an mbealach is fearr agus is inrochtana ar shuíomh idirlín na Comhairle Cathrach agus go dtabharfar treorú cuí chuig naisc ábhartha eile.
- Eolas ar Bhallaí na Cathrach agus ar dhaingin agus ar ghnéithe eile a chur chun cinn, trí imeachtaí agus fhoilseacháin.
- Féilire a tháirgeadh lena léireofar oidhreacht Chathair na Gaillimhe.
- Taifeadadh ghnásanna shaol na tuaithe a chur chun cinn trí Scéim na Comhairle Oidhreachta 'Oidhreacht sna Scoileanna'.
- Sraith cainteanna agus ceardlanna músaeim a bhunú i gcomhar le Músaem Cathrach na Gaillimhe agus Ard-Mhusaem na hÉireann.
- Scéim deontas oidhreachta pobail a bhunú go sonrach chun oidhreacht uathúil na cathrach a chur chun cinn.
- Rannpháirtíocht áitiúil in imeachtaí suntasacha cathrach, lena mbaineann luach ó thaobh na hoidhreachta, a spreagadh, lena n-áirítear an comóradh céad bliain ó 1916.
- Leanúint ar aghaidh le bheith ag tacú leis an bpróiseas leanúnach comhairliúcháin san ullmhúchán le haghaidh iarracht na Gaillimhe le stádas Chathair Chultúr na hEorpa 2020 a bhaint amach.

## 2.5 Aire a thabhairt don Oidhreacht agus a luach ó thaobh na heacnamaíochta agus turasóireachta á aithint

- Plean comhtháite a cheapadh, le páirtithe leasmhara turasóireachta agus tráchtála chun Cathair na Gaillimhe a chur chun cinn mar cheann scríbe don Turasóireacht Oidhreachta.
- Comhlachtaí áitiúla gnó agus turasóireachta a spreagadh le páirt a ghlacadh in Imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta agus na himeachtaí sin a chur chun cinn.
- Urraíocht a lorg ó ghnónna agus ó dhaoine aonair do thionscadail, fhoilseacháin agus imeachtaí oidhreachta.
- Sraith seimineár a eagrú do ghnónna agus turasóireachta maidir le 'Ag Fáil an Leas is Mó as Oidhreacht na Gaillimhe'.





15 89
R·I E·S








## 3.1 Aguisín 1 Plean Oidhreachta 2005-11 Gníomhartha comhlíonta

### Seandálaíocht & Séadchomharthaí

| Gníomh Uimh. | Cur Síos ar an nGníomh | Bliain Comhlíonta | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|
| 1, 2 | Iniúchóireacht ar Oidhreacht Thionsclaíoch | 2012-2013 | Seirbhís Chomhairle Ailtireachta, Comhairle Oidhreachta, Sainchomhairleoirí, Foinsí Áitiúla. |
| 7 | Cosán Eaglasta/Oidhreachta bunaithe agus Leabhrán foilsithe. | 2006-2007 | Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae na Gaillimhe, Seirbhísí Seandálaíochta, Staraithe Áitiúla. |
| | Taispeántas ar Thochailtí an Údaráis um Bóithre Náisiúnta ar Bhóthar an N6, arna óstáil i Halla na Cathrach | 2011 | ÚBN |
| 11 | Plaiceanna Faisnéise ar Bhallaí an Bhaile | 2007-2012 | LBMÉ, Comhairle Oidhreachta |
| 12/5 | Láithreáin Seandálaíochta Tionsclaíche a Shonrú lena gCosaint. Foilseachán Iniúchóireachta Oidhreachta Agus uaslódaithe chuig suíomh idirlín na comhairle cathrach | 2013 | Comhairle Oidhreachta, Staraithe Áitiúla |
| 8 | Tochailtí ag Caisleán Thír Oileáin roimh obair chaomhnúcháin ar shéadchomhartha i mbaol faoi thoiliú an Aire | 2009-2010 | ÁMÉ, SNS, Seirbhísí Seandálaíochta |

### Ailtireacht agus Oidhreacht na bhFoirgneamh

| Gníomh Uimh. | Cur Síos ar an nGníomh | Bliain Comhlíonta | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|
| 1 | Tacú le bunú Chlár na Struchtúr faoi Chosaint, Sonrú agus Bhainistíocht na dTaifead. | 2005-2009+ | Pleanáil CCG & Tras-Stiúrthóireacht |
| 1 | Tacú le foilseachán Limistéir Caomhantais Ailtireachta, bileog | 2008 | Pleanáil CCG & Tras-Stiúrthóireacht |
| 4 | "Póstaeir do Scoileanna" foilsithe faoi oidhreacht nádúrtha agus fhoirgnimh na Gaillimhe | 2012-2013 | Scoileanna, Comhairle Oidhreachta, ÓÉ na Gaillimhe, grianghraif a thugann an pobal go deonach. |
| 6, 8 | Galway City Town Walls Conservation Management and Interpretation Plan foilsithe. Agus uaslódaithe chuig Suíomh Idirlín na Comhairle Cathrach | 2012-2013 | LBMÉ, Comhairle Oidhreachta, Páirtithe Leasmhara Poiblí agus úinéirí talún, SNS. |

## Reiligí

| Gníomh Uimh. | Cur Síos ar an nGníomh | Bliain Comhlíonta | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|
| 1 | Suirbhéireacht ar Reiligí na Cathrach; Páirc na Sceach, | 2012 | Comhairle Pobail /Coiste Eaglaise |
| | Suirbhéireacht stairiúil ar Reilig Rathún | 2013 | Comhairle Oidhreachta, Rannán Páirceanna CCG |
| 2, 3 | Sraith Comhdhálacha – Reiligí & Séadchomharthaí | 2011 | Comhairle Oidhreachta, Cainteoirí Comhdhála, Pleanáil CCG. |
| 5 | Leabhrán foilsithe faoi imeachtaí 'Place of their Resurrection'. | 2011 | Comhairle Oidhreachta, Cainteoirí Comhdhála. |

## Músaeim

| Gníomh Uimh. | Cur Síos ar an nGníomh | Bliain Comhlíonta | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|
| 2 | Sraith Oidhreachta Cloiche – Foilsiú Chatalóga na dTreoirleabhrán, 'Galway Heritage in Stone' (4 chinn) | 2003, 2004, 2006, 2011 | Músaem Cathrach na Gaillimhe (MCG), ÁMÉ, Comhairle Oidhreachta |
| 11 | Nuachtlitreacha Mhúsaem Cathrach na Gaillimhe foilsithe (6 chinn.) | 2002 - 2006 | MCG, ÁMÉ, Comhairle Oidhreachta |
| 10, 11 | Taispeántas - Taispeántas tosaigh sa mhúsaem - 'Fragments of a City' | 2006 | MCG, ÁMÉ, Pobal i gCoitinne |
| 10, 11 | Taispeántas - Téama Muirí 'Uisce agus Beatha/Water and Life'. Leabhrán foilsithe faoi imeachtaí | 2012-2013 | NCI, ÁMÉ, Pobal i gCoitinne, grianghraif a tugadh go deonach, cuimhní taifeadta, obair dheonach |

## Tírdhreacha agus Sráid-Dreacha

| Gníomh Uimh. | Cur Síos ar an nGníomh | Bliain Comhlíonta | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|
| 1, 2 | Foilseacháin Chomhshaoil – bileoga faoin oidhreacht nádúrtha | 2007-2010 | |
| | Treoir maidir le gnáthóga éan (Éin na Gaillimhe); Coill Mhuirlinne; Coill Bhearna; Oidhreacht Mhuirí an Chósta | 2007-2010, 2008,2012 | Comhairle Contae na Gaillimhe, Comhairle Oidhreachta, Sainchomhairleoirí Éiceolaíochta Pháirceanna agus Thras-Stiúrthóireacht CCG, |
| 2, 3, 4 | Sraith Comhdhálacha – Feasacht ar an Oidhreacht Mhuirí; Leabhrán le foilsiú faoi imeachtaí. | 2013 | Comhairle Oidhreachta, Cainteoirí Comhdhála agus OÉ na Gaillimhe. |

### Uiscebhealaí, Oidhreacht Mhuirí agus Báid Bháite

| Gníomh Uimh. | Cur Síos ar an nGníomh | Bliain Comhlíonta | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|
| 3 | Rannchuidigh le- Fardal Náisiúnta na mBád Báite. D'aimsigh agus thóg grianghrafanna d'adhmad na mbád. Thug faisnéis don fhardal náisiúnta | 2006-12 | Tumadóirí agus pobal áitiúla, Aonad Seandálaíochta Faoi Uisce RCPRÁ. Fardal Náisiúnta na mBád Báite, WRFB Comhairle Contae na Gaillimhe, ÁMÉ |
| 3, 4 | Foilsiú alt faoi Uiscebhealaí in Oidhreacht na Gaillimhe | 2010-2013 | Pobal tumadóireachta áitiúil, Aonad seandálaíochta faoi uisce. RCPRÁ |
| | Tionscadal Taighde na Coiribe-, báid scaobtha nua aimsithe agus tuairiscithe, leabharliosta na Coiribe. Suirbhéireacht fhardail ar láithreáin agus ar bháid bháite nua. | 2011-2012 | ÓÉG, Aonad Seandálaíochta faoi Uisce na hÉireann |
| | Faisnéis – D'fhoilsigh alt faoi dhiúilicíní riabhacha agus faoi speicis choimhthíocha eile san Iris Oidhreachta. Comharthaí rabhaidh curtha suas faoi dhiúilicíní riabhacha | 2006-2012 | Iascairí Áitiúla, Comhairle Contae na Gaillimhe, Comhairle Oidhreachta. Údaráis Iascaigh |
| 5 | Suirbhéireacht ar Bhail Bháid Húicéirí traidisiúnta i nGaillimh Ullmhaithe | 2007-2010 | Comhairle Oidhreachta, Bádóirí an Chladaigh, Seandálaithe Áitiúla |
| 7 | Comhairle stairiúil maidir le foclaíocht ar phlaiceanna ar chanálacha | 2006-2011 | Iontaobhas Cathartha; OOP; Iontaobhas Loingseoireachta; Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair |
| 5 | Tacaíocht/comhairle leanúnach maidir leis an mbád traidisiúnta 'Fiona' agus báid thraidisiúnta eile a athdheisiú | 2007-2013 | Bádóirí an Chladaigh, Comhairle Oidhreachta; GCC |

### Geolaíocht

| Gníomh Uimh. | Cur Síos ar an nGníomh | Bliain Comhlíonta | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|
| 3 | Taispeántas - Eiseamail gheolaíocha. Póstaer gaolmhar táirgthe maidir le geolaíocht Chathair na Gaillimhe. | 2012<br>2004 | Comhpháirtithe, Comhairle Oidhreachta, Scoileanna, Pobail Áitiúla, OÉ na Gaillimhe. |

### Cartlanna

| Gníomh Uimh. | Cur Síos ar an nGníomh | Bliain Comhlíonta | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|
| 6 | Sraith Comhdhálacha: Reáchtáladh Comhdháil Chartlainne agus Imeachtaí foilsithe | 2011 | Músaem, Comhairle Oidhreachta, Cainteoirí agus Rannchuiditheoirí Comhdhála |

### Oidhreacht Chultúir

| Action No. | Action Description | Year Delivered | Partners |
|---|---|---|---|
| 6 | Sraith na gcomhdhálacha bliantúla oidhreachta curtha ar bun | 2010-2013 | Comhpháirtithe, cainteoirí, músaem, ÁMÉ, NCI, Comhairle Oidhreachta |
| 1 | D'óstáil taispeántais, ceardlanna, seimineáir. Tháirg catalóg mhúsaeim agus foilseacháin eile. (dá tagraíodh roimhe) | 2000 go dtí seo agus go leanúnach | Faoi mar atá thuas agus rannchuidiú ón bpobal i gcoitinne agus ó eagraíochtaí áitiúla oidhreachta |

### Cosaint Ghinearálta na hOidhreachta, Comhairle Ghinearálta faoi & Oidhreacht a Chur Chun Cinn i gCoitinne

| Action No. | Action Description | Year Delivered | Partners |
|---|---|---|---|
| 3 | Tionscadal Béaloidis na nGaibhne. – Bhailigh ábhar faoin sain-bhéaloideas maidir le Gaibhne. | 2009-2013 | Béaloideasóirí áitiúla pobail, gaibhne, ÁMÉ, Músaem Shaol na Tuaithe. |
| 3, 7 | Foilsiú leabhráin faoi ghnáthóga éin na Gaillimhe. (féach tagairt roimhe) | 2007, athchló 2009 | Comhairle Contae na Gaillimhe, Comhairle Oidhreachta |
| 8 | Rannchuidigh le Tionscadal Taighde na Coiribe atá ar siúl go leanúnach. Féach faoi Bháid Bháite | 2011-2012 | ÓÉG, CRP agus Taighdeoirí Seandálaíochta Tionsclaíche |

### An Bhithéagsúlacht a Chur Chun Cinn

| Action No. | Action Description | Year Delivered | Partners |
|---|---|---|---|
| 1, 2, 5 | Páirteach san obair le Dréachtphlean Bithéagsúlachta a ullmhú do Chathair na Gaillimhe | 2009-2012 | CCG – tras-stiúrthóireachtaí, Comhairle Oidhreachta, SPNF RCPRÁ |
| | Ábhar bolscaireachta do scoileanna | 2012 | Comhairle Oidhreachta, SPNF, Grianghrafadóirí Áitiúla |

### Feasacht agus Oideachas Oidhreachta

| Action No. | Action Description | Year Delivered | Partners |
|---|---|---|---|
| 1 | Foilsiú rialta Iris Oidhreachta Chomhairle Chathair na Gaillimhe, Galway's Heritage/Oidhreacht na Gaillimhe agus foilsiú taighde agus suirbhéireachta ar eilimintí Oidhreachta de Bhallaí Bhaile Chathair na Gaillimhe | 2006 agus go leanúnach | CCG, Rannán TFC , Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann, Comhairle Oidhreachta |
| 12 | Ábhar léiriúcháin maidir leis an oidhreacht nádúrtha agus oidhreacht na bhfoirgneamh. Póstaeir maidir le héin, geolaíocht agus oidhreacht na bhfoirgneamh táirgthe agus scaipthe. (féach tagairt roimhe) | 2013 | Comhairle Oidhreachta |

## 3.2 Gluais Ghaolmhar agus Liosta Giorrúchán

Balla Múrtha – Áit dhaingnithe atá ann, go háirithe daingean mór, buan, míleata lena gcuimsítear baile.

Bithéagsúlacht – Tomhas ar bhithéagsúlacht speiceas plandaí agus ainmhithe.

Bunachar Sonraí – Sraith struchtúrtha sonraí, go háirithe ceann a bhíonn inrochtana ar bhealaí éagsúla agus is coitianta a choinnítear i ríomhaire.

Caomhnú – Sainmhínítear é mar an gníomh nó an próiseas lena bhfeidhmítear bearta chun foirm, iomláine, agus ábhar reatha foirgnimh nó struchtúr a chothú, chomh maith le foirm agus clúdach fásra reatha láithreáin. D'fhéadfadh obair thosaigh a bheith i gceist le bail sheasmhach a chur air, i gcás gur gá, chomh maith le cothabháil leanúnach ar na hábhair thógála stairiúla.

Caomhnú – Cuimsítear caomhnú coisctheach, caomhnú leasúcháin agus na próisis ar fad a bhíonn i gceist le haire a thabhairt d'áit sa chaoi go gcoinneofar na gnéithe a fhágann gur áit shuntasach atá ann ó thaobh an chultúir.

Cartlann – áit phoiblí mar a gcoinnítear taifid.

Eaglasta – Rud ar leis an Eaglais Chríostaí nó a cléir, nó a bhaineann leis an Eaglais Chríostaí nó a cléir.

Fardal – Liosta iomlán de nithe amhail maoin, déantúsáin earraí nó ábhair fhoirgnimh.

Láithreáin Éiceolaíochta – Láithreáin atá luachmhar ó thaobh an fhiadhúlra.

Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (Moladh) (LCS molta) – Trasuíodh an Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) i ndlí na hÉireann le I.R. 94 de 1997, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha). Limistéir mhuirí agus thalúnda lena mbaineann tábhacht idirnáisiúnta is ea LCSanna molta, a ainmníodh ar mhaithe le gnáthóga agus speicis fhiadhúlra (seachas éin) a chosaint, a dhéanann cuid de líonra Natura 2000 an AE de láithreáin atá suntasach ó thaobh na héiceolaíochta ar feadh na hEorpa. Ba cheart bearta cosanta speisialta a fheidhmiú maidir leis na gnáthóga seo de chuid speiceas fiadhúlra sonraithe. Tá dhá LCSm shuntasacha sa chathair, Coimpléasc Chuan na Gaillimhe agus Coimpléasc Loch na Coiribe. Is féidir le teorainneacha LCSmanna a bheith ag luí thar chiumhais na Limistéar faoi Chosaint Speisialta ar mhaithe le héin a chosaint nó d'fhéadfadh pNHAanna a bheith iontu.

Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LfCS) – Láithreáin is ea Limistéir faoi Chosaint Speisialta a ainmnítear chun speicis thearca éin, lena mbaineann tábhacht idirnáisiúnta, a chosaint chomh maith lena ngnáthóga gaolmhara. Ciorclaíonn an LfCS Laistigh de Chuan na Gaillimhe an limistéar cósta agus amach ón gcósta lena n-áirítear an cuan agus na hoileáin. Déantar socrú leis an limistéar ainmnithe faoi chosaint do raon leathan d'éin mhara agus uisce agus a gcóilíneachtaí pórúcháin agus gnáthóga gaolmhara, lena n-áirítear speicis a chuimsítear le hIarscríbhinn 1. Catalóg speiceas agus fospeiceas is ea Iarscríbhinn 1 atá i mbaol a ndíothaithe san AE, nó atá

leochaileach de bharr athruithe áirithe ar a ngnáthóga, nó atá tearc toisc gur beag a bpobail nó go bhfuil a scaipeachán réigiúnach srianta, nó a éilíonn aire speisialta mar gheall ar ghnéithe ar leith a gnáthóg.

Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (LONanna) – Déanann na limistéir ainmnithe seo líonra de láithreáin lena mbaineann tábhacht náisiúnta de bhithín a bhfásra, a bhfána, chineál a ngnáthóige agus/nó a ngnéithe geomoirfeolaíocha ar údar inspéise iad. Bíonn formhór na LONanna sa chathair cuimsithe leis an dá limistéar atá ainmnithe ina LCS molta. Soláthraítear leis an Acht um Fhiadhúlra 2000 an bonn dlíthiúil le haghaidh ainmniúcháin chomh maith le leibhéal cosanta is inchomparáide i gcoitinne leis an gcosaint a bhforáltar le haghaidh LCSanna molta i Rialacháin maidir le Gnáthóga 1997.

Líonra Glas – Líonra nasctha de limistéir, pháirceanna agus áiteanna oscailte neamhfhálaithe ghlasa lena gcinntítear cur chuige de bheartas comhtháite, straitéiseach i leith úsáid agus bhainistiú inbhuanaithe na limistéar seo.

Measúnacht faoin Treoir maidir le Gnáthóga (Measúnacht Chuí) – Measúnacht éiceolaíochta ar an tionchar is dócha bheidh ag aon phlean, chlár, nó tionscadal ar chuspóirí caomhnúcháin láithreáin Natura 2000, (Limistéir faoi Chosaint Speisialta Limistéir agus limistéir a mholtar a bheith ina Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta). Ceanglas is ea é seo a bhaineann le hAlt 6 den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE).

Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta – Ceanglaítear leis an Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) (2001/42/CE) go ndéanfar measúnacht timpeallachta i leith pleananna agus clár áirithe ar dócha a imreoidh éifeachtaí suntasacha ar an timpeallacht. Próiseas córasach is ea MST lena ndéantar na héifeachtaí, is dócha a imreofar ar an timpeallacht de thoradh plean atá beartaithe a chur i ngníomh, a thuar agus meastóireacht ar na héifeachtaí sin, lena chinntiú go dtabharfar aghaidh ar na héifeachtaí sin go cuí ag an gcéim is luaithe a bheidh cuí sa phróiseas déanta cinntí.

Oidhreacht Dholáimhsithe: Aistrítear an oidhreacht dholáimhsithe chultúir ó ghlúin go glúin, agus bíonn pobail agus grúpaí á n-athchruthú go seasta, mar fhreagairt ar a dtimpeallacht, ar a n-idirghníomhú leis an dúlra, agus lena stair. Soláthraíonn sé braistint na féiniúlachta agus an leanúnachais do dhaoine, agus cuirtear meas ar an ilghnéitheacht chultúir agus ar chruthaitheacht an duine chun cinn leis.

Speicis Choimhthíocha – Speiceas is ea speiceas coimhthíoch a tugadh isteach lasmuigh de ghnáthlimistéar a scaipthe. Speiceas is ea speiceas coimhthíoch ionrach a n-imríonn bunú agus leathadh an speicis tionchar suntasach ar éiceachórais, ar ghnáthóga, nó ar speicis.

## Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| AE | Aontas Eorpach |
| AMÉ | Ard-Mhusaem na hÉireann |
| CSC | Clár na Struchtúr faoi Chosaint |
| CTS | Crios Tábhachta Seandálaíochta |
| LBMÉ | Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann |
| LCA | Limistéar Caomhantais Ailtireachta |
| LCS | Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta |
| LfCS | Limistéar faoi Chosaint Speisialta |
| LON | Limistéar Oidhreachta Náisiúnta |
| MTG | Measúnacht faoin Treoir maidir le Gnáthóga |
| SNS | An tSeirbhís Náisiúnta Séadchomharthaí |
| SPNF | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |

## 3.3 Reachtaíocht Ábhartha Náisiúnta agus an AE

### Oidhreacht agus Pleanáil

Achtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000- Faoi mar a leasaíodh

Acht Oidhreachta 1995

Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA) (Treoir ón gComhairle 85/337/CEE) 1985

Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) (Treoir ón gComhairle 2001/42/EC)

### Oidhreacht Seandálaíochta

Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004

Acht um Fhorais Náisiúnta Chultúir 1997

Oidhreacht Ailtireachta

Achtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2010

Acht Oidhreachta Ailtireachta (Fardal Náisiúnta) agus na Séadchomharthaí Naisiúnta (Forálacha Ilghnéitheacha) 1999

### Tírdhreacha

Achtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2010

Músaeim agus Cartlanna

Acht um Fhorais Náisiúnta Chultúir 1997

Acht Rialtais Áitiúil 2001

Acht um Chartlann Náisiúnta 1986

### Oidhreacht Nádúrtha

An tAcht um Fhiadhúlra 1976

An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000

Acht Iascaigh (Comhdhlúthú) 1959

Acht Iascaigh (Leasú) 1999

Treoir maidir le hÉin (Treoir ón gComhairle 79/409/CEE) 1979

Treoir maidir le Gnáthóga (Treoir ón gComhairle 92/43/CEE) 1992

Creat-Treorach Uisce (Treoir ón gComhairle 2000/60/EC) 2000

Treoir maidir le hÉisc Fhionnuisce (Treoir ón gComhairle 78/659/EC) 1978

**Coinbhinsiúin agus Comhaontuithe Idirnáisiúnta atá sínithe agus daingnithe ag Éirinn.**

Seandálaíocht - Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta - (Coinbhinsiún Valletta) 1997

Ailtireacht - Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint Oidhreacht Seandálaíochta na hEorpa (Coinbhinsiún Granada) 1997

Oidhreacht Chultúir agus Nádúrtha - Coinbhinsiún UNESCO um Chosaint Oidhreacht Chultúir agus Nádúrtha an Domhain

Oidhreacht Nádúrtha (daingnithe, 1992)

- Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch 1992 (daingnithe, 1996)
- Coinbhinsiún maidir le Tírdhreach na hEorpa 2000
- Coinbhinsiún maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa
- Gnáthóga
- (Coinbhinsiún Bheirn) 1979 (daingnithe, 1982)
- Coinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine
- (Coinbhinsiún Bonn) 1979 (daingnithe, 1983)

Coinbhinsiún um Bogaigh a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo (Coinbhinsiún Ramsar) 1971 (daingnithe, 1984)

- Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis i mBaol
- Tírdhreach – Coinbhinsiún maidir le Tírdhreach na hEorpa, 2000 (daingnithe, 2002)

## 3.4 Baill an Fhóraim

| | |
|---|---|
| Dr. Jim Higgins | Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chathair na Gaillimhe. |
| Comhairleoir Pádraig Conneely | Comhairle Chathair na Gaillimhe |
| Comhairleoir Donal Lyons | Méara, Comhairle Chathair na Gaillimhe |
| Mary Clancy | Roinn Staire, ÓÉG. |
| Bríd Ní Chonghaile | Gaillimh le Gaeilge |
| Roy Naughton | Oidhreacht na bhFoirgneamh – Ailtire Caomhnúcháin Sainleas Pobail |
| Christy Kelly | Sainleas Oidhreachta Pobail |
| Tom Cuffe (iar bhaill) | Sainleas Cultúir |
| Tomas Quinlan | Oidhreacht na bhFoirgneamh - Ailtire- Earnáil Dheonach |
| An tOll. Noel P. Wilkins | Cathaoirleach Chumann Ailtireachta & Staire na Gaillimhe |
| Derrick Hambleton | An Taisce – Cumann na Gaillimhe |
| Helen Birmingham, Uas. | Músaem Cathrach na Gaillimhe |
| Caroline Phelan | Pleanálaí Sinsearach, Comhairle Chathair na Gaillimhe |
| Lelia Doolan, Uas. | Sainleas Cultúir |
| Folúntas | Iontabhas Cathartha na Gaillimhe |
| Folúntas | Seirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra |